BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Chéad Dlísheomra)

11 Meán Fómhair 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 2014/59/AE – Réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta – Prionsabail ghinearálta – Airteagal 34(1)(a) agus (b) – Tarrtháil inmheánach – Díluacháil ionstraimí caipitil – Éifeachtaí – Airteagal 53(1) agus (3) – An chéad fhomhír d'Airteagal 60(2)(b) – Cearta scairshealbhóirí agus creidiúnaithe a chosaint – Éadáil ionstraimí caipitil – Faisnéis mhainneachtana agus mhícheart a sholáthraítear sa réamheolaire atá le foilsiú, go háirithe nuair a thairgtear urrúis don phobal – Caingean le haghaidh neamhniú an chonartha chun ionstraimí caipitil a éadáil – Caingean le haghaidh dliteanais – Caingne arna dtionscnamh roimh ghlacadh na ngníomhachtaí réitigh)

I gCás C-687/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ón Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach, an Spáinn), trí bhreith an 2 Samhain 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 15 Samhain 2023, sna himeachtaí

D.E.

v

Banco Santander, SA,

tugann AN CHÚIRT (an Chéad Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: F. Biltgen, Uachtarán Dlísheomra, T. von Danwitz (Rapóirtéir), Leas-Uachtarán na Cúirte, ag feidhmiú mar Bhreitheamh den Chéad Dlísheomra, A. Kumin, I. Ziemele agus S. Gervasoni, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: T. Ćapeta,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Banco Santander, SA, ag C. García Vega, J. M. Rodríguez Cárcamo agus A. M. Rodríguez Conde, abogados,

* Teanga an cháis: an Spáinnis.

– Rialtas na Spáinne, ag L. Aguilera Ruiz agus A. Gavela Llopis, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó P. Gentili, avvocato dello Stato,

– Rialtas na Portaingéile, ag P. Barros da Costa, J. Margarido agus A. Rodrigues, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag C. Auvret, P. Němečková agus D. Triantafyllou, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 13 Feabhra 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 34(1)(a) agus (b), Airteagal 53(1) agus (3), agus an chéad fhomhír d'Airteagal 60(2)(b) de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2014 L173, lch. 190).

2 Rinneadh an iarraidh in imeachtaí idir D.E. agus Banco Santander SA, ina cháil mar chomharba ar Banco Popular Español SA ('Banco Popular'), maidir le caingne le haghaidh neamhniú agus dliteanais, arna dtabhairt ag D.E. mar gheall ar fhaisnéis mhainneachtana agus mhícheart a soláthraíodh dó sa réamheolaire atá le foilsiú, *inter alia*, i gcás ina dtairgtear urrúis don phobal ar ionstraimí caipitil a éadáil, a tiontaíodh ina scaireanna in Banco Popular ina dhiaidh sin.

An dlí lena mbaineann

Treoir 2004/39/CE

3 Foráiltear le haithrisí 31, 44 agus 46 de Threoir 2004/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir leis an margadh d'ionstraimí airgeadais lena leasaítear Treoracha 85/611/CEE agus 93/6/CEE ón gComhairle agus Treoir 2000/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 93/22/CEE ón gComhairle (IO 2004 L 145, lch. 1), mar seo a leanas:

'(31) Ceann d'aidhmeanna na Treorach seo is ea infheisteoirí a chosaint. Ní mór bearta cosanta infheisteoirí a chur in oiriúint do shainiúlachtaí gach catagóire infheisteoirí (cliaint mhiondíola, gairmithe agus contrapháirtithe).

[...]

(44) Agus dhá chuspóir ann, eadhon infheisteoirí a chosaint agus feidhmiú cuí na margaí urrús a áirithiú, is iomchuí trédhearcacht idirbheart a áirithiú agus a áirithiú go mbeidh feidhm ag na rialacha a leagtar síos chun na críche sin maidir le gnólachtaí infheistíochta agus iad ag oibriú ar na margaí sin. Chun é a chur ar a gcumas d'infheisteoirí nó do rannpháirtithe sa mhargadh measúnú a dhéanamh, tráth ar bith, ar théarmaí idirbhirt scaireanna atá beartaithe acu agus chun an bealach ina ndearnadh é a fhorghníomhú a fhíorú *ex post*, ba cheart rialacha comhchoiteanna a leagan síos a mhéid a bhaineann le foilsiú mionsonraí faoi idirbhearta scaireanna a rinneadh cheana agus le nochtadh mionsonraí faoi dheiseanna reatha le haghaidh idirbhearta scaireanna. Tá gá leis na rialacha sin chun comhtháthú éifeachtach mhargaí cothromais na mBallstát a áirithiú, chun éifeachtúlacht an phróisis praghasmhúnlaithe fhoriomláin d'ionstraimí cothromais a chur chun cinn, agus chun cuidiú le hoibriú éifeachtach na n-oibleagáidí forghníomhaithe is fearr. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, is gá córas cuimsitheach trédhearcachta a bhunú a bheidh infheidhme maidir le gach idirbheart i scaireanna […]. Leis an oibleagáid atá ar ghnólachtaí infheistíochta faoin Treoir seo praghas tairgthe agus tairisceana a thaispeáint agus ordú a fhorghníomhú ar an bpraghas a fógraíodh, ní dhíolmhaítear gnólachtaí infheistíochta ón oibleagáid ordú a dhíriú chuig córas forghníomhaithe eile i gcás ina gcuirfeadh inmheánú cosc ar an ngnólacht oibleagáidí um dhea-fhorghníomhú a chomhlíonadh.

[…]

(46) Féadfaidh Ballstát a chinneadh na ceanglais trédhearcachta réamhthrádála agus iarthrádála a leagtar síos sa Treoir seo a chur i bhfeidhm maidir le hionstraimí airgeadais seachas scaireanna. […]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 19 de Threoir 2004/39, dar teideal 'Rialacha gnó maidir le seirbhísí infheistíochta a sholáthar do chliaint', i míreanna 2 agus 3 di:

'2. Beidh an fhaisnéis uile, lena n-áirítear fógraíocht, a dhíreoidh an gnólacht infheistíochta ar chliaint nó ar chliaint ionchasacha ceart, soiléir agus ní bheidh sí míthreorach. Táthar in ann a aithint go soiléir gur cumarsáid mhargaíochta atá inti.

3. Cuirfear faisnéis iomchuí ar fáil i bhfoirm shothuigthe do chliaint nó do chliaint ionchasacha maidir leis an méid seo a leanas:

– an gnólacht infheistíochta agus a sheirbhisí;

– na hionstraimí airgeadais agus na straitéisí infheistíochta atá beartaithe, ar cheart treoir agus rabhaidh iomchuí a áireamh iontu maidir leis na rioscaí a bhaineann leis an infheistíocht sna hionstraimí sin nó i straitéisí infheistíochta áirithe,

– córais forghníomhaithe, agus

– costais agus muirir ghaolmhara,

ionas go mbeidh siad in ann tuiscint réasúnta a fháil ar chineál agus rioscaí na seirbhíse infheistíochta agus an chineáil shonraigh ionstraime airgeadais atá á tairiscint agus, dá bhrí sin,

cinntí infheistíochta a dhéanamh ar bhonn eolasach. Féadfar an fhaisnéis sin a sholáthar i bhformáid chaighdeánaithe.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2014/59

5 Foráiltear le haithrisí 45, 49 agus 120 de Threoir 2014/59 mar seo a leanas:

'(45) D'fhonn baol morálta a sheachaint, ba cheart go mbeadh aon institiúid a bhfuil ag cliseadh uirthi in ann an margadh a scor, is cuma faoi mhéid agus idircheangailteacht na hinstitiúide sin, gan míshocracht shistéamach a chruthú. Is faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta gur cheart institiúid a bhfuil ag cliseadh, a leachtú i bprionsabal. Mar sin féin, d'fhéadfadh leachtacht faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta an chobhsaíocht airgeadais a chur i mbaol, nó cur isteach ar sholáthar feidhmeanna criticiúla, nó difear a dhéanamh do chosaint na dtaisceoirí. I gcás den sórt sin, is dócha gurbh é an leas poiblí an institiúid a chur faoi réiteach agus ionstraimí réitigh a chur i bhfeidhm seachas dul i muinín gnáthimeachtaí dócmhainneachta. [...]

[...]

(49) Ba cheart na srianta ar chearta scairshealbhóirí agus creidiúnaithe a bheith i gcomhréir le hAirteagal 52 den Chairt [um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt')]. Dá bhrí sin, níor cheart aon ionstraim réitigh a chur i bhfeidhm ach amháin maidir leis na gnóthais árachais nó athárachais sin a bhfuil ag cliseadh orthu nó ar dócha go gclisfidh orthu, agus i gcás inar gá sin chun na cuspóirí réitigh a bhaint amach ar son an leasa choitinn. Go háirithe, ba cheart na hionstraimí réitigh a úsáid i gcás nach féidir an institiúid a fhoirceannadh de réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta gan an córas airgeadais a dhíchobhsú agus i gcás ina bhfuil gá leis na bearta d'fhonn aistriú gasta agus leanúnachas feidhmeanna a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo a áirithiú agus i gcás nach bhfuil aon dóchúlacht réasúnach ann go dtiocfar ar réiteach eile príobháideach, lena n-áirítear na scairshealbhóirí atá ann cheana nó aon tríú páirtí an caipiteal a mhéadú ar shlí a d'fhágfadh go bhféadfaí inmharthanacht na hinstitiúide a athbhunú. [...]

[...]

(120) Tá rialacha éigeantacha i dtreoracha an Aontais [Eorpaigh] maidir le dlí na gcuideachtaí chun scairshealbhóirí agus creidiúnaithe institiúidí a thagann faoi raon feidhme na dtreoracha sin a chosaint. I gcásanna ina n-éilítear gníomhaíocht ghasta ó údaráis réitigh, d'fhéadfadh na rialacha sin bac a chur ar ghníomhaíocht éifeachtach agus ar úsáid ionstraimí agus cumhachtaí réitigh ag údaráis réitigh; dá bhrí sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le maoluithe iomchuí sa Treoir seo. Chun a áirithiú go mbeidh an méid is mó is féidir deimhneachta dlíthiúla ann do gheallsealbhóirí, ba cheart na maoluithe a shainmhíniú go soiléir cúng, agus níor cheart iad a úsáid ach le leas an phobail agus nuair a bheidh na truicir réitigh bainte amach. [...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 De réir Airteagal 1(1) den Treoir sin:

‘Leagtar síos sa Treoir seo rialacha agus nósanna imeachta a bhaineann le téarnamh agus réiteach na n-eintiteas seo a leanas:

[…]

(b) institiúidí airgeadais atá bunaithe san Aontas agus ar fochuideachtaí iad d’institiúid creidmheasa, de ghnólacht infheistíochta nó de chuideachta dá dtagraítear i bpointe (c) nó (d), […]

(c) cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais, cuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha agus cuideachtaí sealbhaíochta atá ag plé le gníomhaíochtaí measctha atá bunaithe san Aontas;

(d) máthairchuideachtaí sealbhaíochta airgeadais i mBallstát, máthairchuideachtaí sealbhaíochta airgeadais san Aontas, máthairchuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha i mBallstát, máthairchuideachtaí sealbhaíochta airgeadais measctha de chuid an Aontais;

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 De réir Airteagal 2(1) den Treoir sin:

‘Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[…]

57. ciallaíonn “ionstraim tarrthála inmheánaí” an sásra chun go ndéanfadh údarás réitigh na cumhachtaí díluachála nó comhshó a fheidhmiú i ndáil le dliteanas gnóthais faoi réiteach i gcomhréir le hAirteagal 43;

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 34(1) den Treoir sin, dar teideal ‘Prionsabail ghinearálta maidir le réiteach’:

‘Áiritheoidh na Ballstáit, agus na hionstraimí réitigh á gcur i bhfeidhm agus na cumhachtaí réitigh á bhfeidhmiú acu, go ndéanfaidh na húdaráis réitigh gach beart iomchuí chun a áirithiú go ndéanfar an ghníomhaíocht réitigh i gcomhréir leis na prionsabail seo a leanas:

(a) gurb iad scairshealbhóirí na hinstitiúide faoi réiteach a iompróidh na chéad chaillteanais;

(b) is iad creidiúnaithe na hinstitiúide faoi réiteach a iompróidh na caillteanais a bheidh ann i ndiaidh na scairshealbhóirí i gcomhréir le hord tosaíochta a n-éileamh de réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta, ach amháin mar a fhoráiltear a mhalairt go sainráite sa Treoir seo;

[…]

(f) ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt sa Treoir seo, láimhseálfar go cothrom creidiúnaithe ón aicme chéanna;

(g) ní thabhóidh aon chreidiúnaí caillteanais níos mó ná mar a thabhóidís dá ndéanfaí an institiúid nó an t-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1)(b), (c) nó (d) a fhoirceannadh de réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta i gcomhréir leis na coimircí in Airteagail 73 go 75;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 36 den Treoir sin, dar teideal 'Luacháil chun críoch réitigh':

'1. Roimh don ghníomhaíocht réitigh a dhéanamh nó an chumhacht a fheidhmiú chun ionstraimí caipitil a dhíluacháil nó a chomhshó, áiritheoidh na húdaráis réitigh go ndéanfaidh duine atá neamhspleách ar aon údarás poiblí, lena n-áirítear ar an údarás réitigh agus ar an institiúid nó eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d), go ndéanfaidh sé luacháil chothrom, stuama agus réalaíoch ar shócmhainní agus dliteanas na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1), pointí (b), (c) nó (d). Faoi réir mhír 13 den Airteagal seo agus go dtí Airteagal 85, más rud é go gcomhlíonfar na ceanglais ar fad a leagtar síos san Airteagal seo, measfar an luacháil a bheith cinntitheach.

2. I gcás nach féidir luacháil neamhspleách a dhéanamh i gcomhréir le mír 1, féadfaidh na húdaráis réitigh luacháil shealadach a dhéanamh ar shócmhainní agus ar dhliteanais na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1)(b), (c) nó (d), i gcomhréir le mír 9 den Airteagal seo.

3. Is é is cuspóir don luacháil meastachán a dhéanamh ar luach shócmhainní agus dhliteanais na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1)(b), (c) nó (d) a chomhlíonann na coinníollacha maidir le réiteach a leagtar amach in Airteagail 32 agus 33.

[...]

6. Déanfar an luacháil a fhorlíonadh leis an bhfaisnéis seo a leanas i leabhair chuntasaíochta agus i dtaifid na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1)(b), (c) nó (d):

(a) clár comhardaithe suas chun dáta agus tuarascáil ar staid airgeadais na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1)(b), (c) nó (d);

(b) anailís agus meastachán ar luach cuntasaíochta na sócmhainní;

(c) liosta na ndliteanas atá le híoc laistigh agus lasmuigh den chlár comhardaithe a áirítear i leabhair agus i dtaifid na hinstitiúide nó an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1)(b), (c) nó (d), mar aon le léiriú ar na creidiúnaithe comhfhreagracha agus ar a gcéimeanna tosaíochta faoin dlí dócmhainneachta is infheidhme.

[...]

9. I gcás nach féidir, de dheasca na práinne in imthosca an cháis, na ceanglais i míreanna 6 agus 8 a chomhlíonadh, nó i gcás ina bhfuil feidhm ag mír 2, déanfar luacháil shealadach. Comhlíonfaidh an luacháil shealadach na ceanglais i mír 3 agus, a mhéid is indéanta go réasúnach de réir imthosca an cháis, na ceanglais i míreanna 1, 6 agus 8.

Áireofar sa luacháil shealadach dá dtagraítear sa chéad fhomhír maolán i leith caillteanais bhreise, agus bonn cirt iomchuí ag gabháil leis;

[…]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Foráiltear le hAirteagal 48 den Treoir sin, dar teideal 'Ordú díluachála agus comhshó' an méid seo a leanas:

'1. Áiritheoidh na Ballstáit, agus an ionstraim tarrthála inmheánaí á cur i bhfeidhm acu, go bhfeidhmeoidh na húdaráis réitigh na cumhachtaí díluachála agus comhshó, faoi réir aon eisiamh faoi Airteagal 44(2) agus (3), agus na ceanglais seo a leanas á gcomhlíonadh acu:

(a) go laghdaítear ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 i gcomhréir le hAirteagal 60(1)(a);

(b) má tá an laghdú iomlán de bhun phointe (a) níos lú ná suim na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 47(3)(b) agus (c), agus sa chás sin amháin, go laghdóidh na húdaráis príomhshuim na hionstraimí Leibhéal Breise 1 a mhéid is gá agus a mhéid is féidir de réir a n-acmhainne;

(c) más rud é gurb é an laghdú iomlán de bhun phointe (a) agus (b) níos lú ná suim na méideanna dá dtagraítear in Airteagal 47(3)(b) agus (c), agus sa chás sin amháin, go laghdóidh na húdaráis príomhshuim ionstraimí Leibhéal 2 a mhéid is gá agus a mhéid is féidir;

[…]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 Foráiltear le hAirteagal 53 den Treoir sin, dar teideal 'Éifeacht na tarrthála inmheánaí':

'1. Áiritheoidh na Ballstáit i gcás ina bhfeidhmeoidh údarás réitigh cumhacht dá dtagraítear in Airteagal 59(2) agus in Airteagal 63(1)(e) go (i), go gcuirfear an laghdú ar phrionsabal nó ar an méid gan íoc atá dlite, an comhshó nó an cealú a chuirfear i bhfeidhm agus go mbeidh sé ceangailteach láithreach ar an institiúid faoi réiteach agus ar aon chreidiúnaithe nó scairshealbhóirí a ndéanfar difear dóibh.

[…]

3. I gcás ina laghdaíonn údarás réitigh príomhshuim dliteanais, nó an méid gan íoc atá dlite, go náid trí bhíthin na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 63(1)(e), caithfear leis an dliteanas sin agus le haon oibleagáid nó éileamh a eascraíonn maidir leis an dliteanas, nach bhfuil fabhraithe tráth a raibh an chumhacht sin á feidhmiú, mar bheith urscaoilte chun na gcríoch uile agus ní fhéadfar iad a chur i bhfeidhm in aon imeacht ina dhiaidh sin maidir leis an ngnóthas faoi réiteach nó aon eintiteas comharba in aon fhoirceannadh ina dhiaidh sin.

4. I gcás ina laghdaíonn údarás réitigh i bpáirt, ach ní ina n-iomláine, an príomhshuim nó na méideanna atá dlite i ndáil le dliteanas trí bhíthin na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 63(1)(e):

(a) déanfar an dliteanas a urscaoileadh suas go dtí an méid a laghdaíodh;

(b) beidh feidhm ag an ionstraim lena mbaineann nó ag an gcomhaontú lenar cruthaíodh an dliteanas bunaidh fós maidir leis an bpríomhshuim iarmharach, nó maidir leis an méid gan íoc atá dlite, faoi réir aon leasú ar mhéid an úis a bheidh iníoctha chun laghdú na príomhshuime a léiriú, agus faoi réir aon leasú eile ar na téarmaí a d'fhéadfadh an t-údarás réitigh a dhéanamh trí bhíthin na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 63(1)(j).'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

12 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 60 den Treoir sin, dar teideal 'Forálacha lena rialaítear díluacháil nó comhshó ionstraimí caipitil':

'1. Agus an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 59 á chomhlíonadh, feidhmeoidh na húdaráis réitigh an chumhacht díluachála nó chomhshó i gcomhréir le tosaíocht na n-éileamh de réir gnáthimeachtaí dócmhainneachta, ar chaoi ina mbainfear na torthaí seo a leanas amach:

(a) go ndéanfar ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a laghdú ar dtús i gcomhréir leis na caillteanais agus go dtí méid a n-acmhainneachta, agus go ndéanann an t-údarás réitigh ceann amháin de na gníomhaíochtaí a shonraítear in Airteagal 47(1), nó iad araon, maidir le sealbhóirí ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1;

(b) go ndíluachálfar nó go gcomhshóitear príomhshuim na n-ionstraimí Leibhéal Breise 1 iad in ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 nó an dá ceann, a mhéid is gá chun na cuspóirí réitigh a leagtar amach in Airteagal 31 a bhaint amach nó suas go dtí méid acmhainneacht na n-ionstraimí caipitil ábhartha, cibé acu is ísle;

(c) go ndíluachálfar nó go gcomhshóitear príomhshuim na n-ionstraimí Leibhéal Breise 2 iad in ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 nó an dá ceann, a mhéid is gá chun na cuspóirí réitigh a leagtar amach in Airteagal 31 a bhaint amach nó suas go dtí méid acmhainneacht na n-ionstraimí caipitil ábhartha, cibé acu is ísle.

2. I gcás ina ndéantar príomhshuim na n-ionstraimí caipitil ábhartha a dhíluacháil:

[...]

(b) ní fhanfaidh aon dliteanas do shealbhóir na hionstraime caipitil ábhartha, faoi mhéid na hionstraime sin a díluacháladh, nó i dtaca leis, cé is moite d'aon dliteanas a fabhraíodh cheana, agus aon dliteanas i leith damáiste a d'fhéadfadh tarlú de bhíthin achomhairc mar thoradh ar agóid in aghaidh dhlíthiúlacht fheidhmiú na gcumhachtaí díluachála;

(c) ní íocfar aon chúiteamh le sealbhóir ar bith de na hionstraimí caipitil ábhartha ach amháin i gcomhréir le mír 3.

[...]

3. Ionas go ndéanfar ionstraimí caipitil ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 59(1)(b), (c) a chomhshó, féadfaidh údaráis réitigh a cheangal ar institiúidí agus ar eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1)(b), (c) agus (d) ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a eisiúint do shealbhóirí ionstraimí ábhartha agus dliteanas incháilithe den sórt sin. [...]

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Cinneadh an Bhoird Réitigh Aonair

13 Le Cinneadh SRB/EES/2017/08 an 7 Meitheamh 2017, ghlac an Bord Réitigh Aonair an scéim réitigh i leith Banco Popular, a d'fhormhuinigh an Coimisiún Eorpach ina Chinneadh (AE) 2017/1246 an 7 Meitheamh 2017 (IO 2017 L 178, lch. 15).

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú

14 An 3 Deireadh Fómhair 2009, mar stiúrthóir aonair Lera Blava thóg D.E. amach bannaí fo-ordaithe in-chomhshóite ina mbannaí fo-ordaithe arna n-eisiúint ag Banco Popular.

15 I mí na Bealtaine 2012, rinne D.E., ag gníomhú dó thar ceann Lera Blava, na bannaí sin a chomhshó ina mbannaí fo-ordaithe eile is gá a bheith in-chomhshóite.

16 An 14 Eanáir 2013, mar íocaíocht pá neamhíoctha, bhronn Lera Blava úinéireacht ar na hoibleagáidí sin ar D.E. D'údaraigh Banco Popular an t-aistriú úinéireachta sin an 22 Feabhra 2013.

17 An 25 Samhain 2015, rinneadh na bannaí sin a chomhshó go héigeantach ina scaireanna in Banco Popular.

18 I mí Dheireadh Fómhair 2016, thionscain D.E. caingean os comhair Juzgado de Primera Instancia (an Chúirt Chéadchéime, an Spáinn) i gcoinne Banco Popular ag lorg dearbhú go raibh éadáil na mbannaí fo-ordaithe in-chomhshóite ar neamhní mar gheall ar earráid lenar cuireadh a thoiliú ó bhail agus lenar iarradh go n-aisíocfaí an tsuim a infheistíodh ar dtús chun na bannaí sin a éadáil, mar aon le leas reachtúil ón éadáil sin. Mar mhalairt air sin, d'iarr sé cúiteamh as an damáiste a rinneadh toisc nár chomhlíon Banco Popular na ceanglais faisnéise a d'eascair as rialachán an Aontais maidir le margaí in ionstraimí airgeadais, nuair a cuireadh na hoibleagáidí sin ar an margadh in 2009 agus nuair a rinneadh iad a chomhshó ina dhiaidh sin in 2012.

19 Sheas Juzgado de Primera Instancia (an Chúirt Chéadchéime) leis an gcaingean sin agus chinn sí go raibh suibscríbhinn na mbannaí fo-ordaithe in-chomhshóite is gá ar neamhní go hiomlán.

20 Rinne Banco Popular achomharc i gcoinne bhreithiúnas na cúirte sin os comhair an Audiencia Provincial (Cúirt Chúige, an Spáinn), a sheas leis an achomharc ar an bhforas nach raibh seasamh ag D.E. chun imeachtaí a thionscnamh.

21 Rinne D.E. achomharc ar phointe dlí i gcoinne an bhreithiúnais a tugadh ar achomharc os comhair an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach, an Spáinn), an chúirt a rinne an tarchur sa chás seo. Os comhair na cúirte sin, d'áitigh sé gur dhiúltaigh Audiencia Provincial (Cúirt Chúige) go mícheart aitheantas a thabhairt dá sheasamh chun imeachtaí a thionscnamh, cé, ina thuairim, go raibh aistriú úinéireacht Lera Blava chuig a stiúrthóir aonair agus a scairshealbhóir bailí.

22 An 7 Meitheamh 2017, ghlac BRA an scéim réitigh i leith Banco Popular, a d'fhormheas an Coimisiún an lá céanna.

23 Cuireadh an scéim réitigh sin chun feidhme le cinneadh, a glacadh freisin an 7 Meitheamh 2017, ón Fondo de Reestructuración Ordenada Bancaria (an Ciste um Athstruchtúrú Ordúil Banc, an Spáinn) ('FROB'). Leis an gcinneadh sin, laghdaigh an Chúirt Ghinearálta, *inter alia*, scairchaipiteal Banco Popular go náid trí na scaireanna go léir in Banco Popular a bhí gan íoc. Le héifeacht an chinnidh sin, scoir D.E. de bheith ina shealbhóir ar na scaireanna in Banco Popular a fuair sé tar éis na bannaí a chomhshó, gan aon chomaoin.

24 Ina theannta sin, chinn FROB ionstraimí Leibhéal 2 Banco Popular a chomhshó agus na scaireanna nua a eisíodh tar éis an chomhshó sin a aistriú chuig Banco Santander, gan toiliú iarshealbhóirí na n-ionstraimí sin.

25 In 2018, tháinig Banco Santander chun bheith ina chomharba uilíoch ar Banco Popular, mar thoradh ar chumasc trí ionsú ar Banco Popular, a ndeachaigh a phearsantacht dhlítheanach i léig.

26 Tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire go bhfuil, líon mór díospóidí sa Spáinn, inar thionscain ceannaitheoirí ionstraimí caipitil éagsúla Banco Popular caingne ag iarraidh na conarthaí chun na hionstraimí sin a éadáil a chur ar neamhní, aisíoc an phraghais a íocadh as an éadáil sin agus/nó éilimh ar dhliteanas i leith na faisnéise atá sa réamheolaire atá le foilsiú, go háirithe, i gcás ina dtairgtear urrúis don phobal nó ina ligtear isteach iad chun trádáil.

27 I mbreithiúnas an 5 Bealtaine 2022, *Banco Santander (Réiteach bainc Banco Popular)* C-410/20, ('an breithiúnas in *Banco Santander (Réiteach bainc Banco Popular)*', EU:C:2022:351, chinn an Chúirt go gcuirtear cosc le hAirteagal 34(1)(a), Airteagal 53 (1) agus (3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 60(2)(b) agus (c) de Threoir 2014/59, tar éis dhíluacháil iomlán na scaireanna a ordaíodh i gcomhthéacs réiteach institiúide baincéireachta, féadfar éilimh ar dhliteanas i leith na faisnéise atá sa réamheolaire a fhoilsiú, go háirithe, i gcás ina dtairgtear urrúis don phobal agus i gcás caingean le haghaidh neamhniú an chonartha suibscríbhinne scaireanna a thionscnamh i gcoinne na hinstitiúide sin nó i gcoinne a comharba dhlíthiúil.

28 Tar éis an breithiúnas sin a thabhairt, tá amhras fós ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir le raon feidhme an toirmisc ar aon chaingean le haghaidh dliteanais nó neamhniú a eascraíonn, i gcomhréir leis na forálacha dá dtagraítear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo, arna léiriú ag an gCúirt, as gníomhaíocht réitigh. I ndáil leis sin, tugann sí dá haire, sa chás as ar eascair an breithiúnas in *Banco Santander (Réiteach bainc Banco Popular)*, gur bhain na caingne le haghaidh dliteanais agus na caingne lena lorgaítear neamhniú ar chonarthaí chun scaireanna a shuibscríobh in Banco Popular. Os a choinne sin, sna cásanna as ar eascair breithiúnas an 5 Meán Fómhair 2024, *Banco Santander (Réiteach bainc Banco Popular II)* (C-775/22, C-779/22 agus C-794/22, 'an breithiúnas in *Banco Santander (Réiteach bainc Banco Popular II*)' EU:C:2024:679), bhí sé i gceist i gconarthaí chun bannaí fo-ordaithe a shuibscríobh arna gcomhshó ina scaireanna de chuid Banco Popular roimh réiteach an bhainc sin.

29 Ós rud é gur comhshódh na bannaí in-chomhshóite atá i gceist sa díospóid os a chomhair ina scaireanna in Banco Popular sular glacadh na gníomhaíochtaí réitigh i ndáil leis an mbanc sin, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an féidir le D.E. brath ar éileamh 'dlite' de réir bhrí Airteagal 53(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 60(2)(b) de Threoir 2014/59, i gcomhthéacs na díospóide sin.

30 I ndáil leis sin, sonraíonn sí, ar an gcéad dul síos, i ndlí na Spáinne, go n-ainmnítear leis an téarma 'thar téarma' an tráth a thagann an ceart chun comhlíonadh oibleagáide a éileamh chun cinn, cé go dtagraíonn an téarma 'dáta dlite' do dheireadh na tréimhse arna socrú chun oibleagáid a chomhlíonadh, a mbeidh sé dlite ag deireadh na tréimhse sin. Chuaigh na bannaí in-chomhshóite atá i gceist sa díospóid os a chomhair in éag an lá ar a gcomhshóitear ina scaireanna iad, dá bhrí sin, sular osclaíodh an nós imeachta réitigh le haghaidh Banco Popular. Ina theannta sin, ní cinneadh bunaitheach é cinneadh na cúirte lena n-aithnítear dliteanas na cúirte i leith aon damáiste a rinneadh nuair a rinneadh na hoibleagáidí sin, ach suitear gurb ann don dliteanas sin agus déantar na damáistí atá dlite ar an mbonn sin a chainníochtú. Dá mba 'éileamh féideartha' í an oibleagáid a eascraíonn as sin chun cúiteamh a íoc go dtí gur shuigh na cúirteanna go críochnaitheach é, níor mhór é a mheas cheana féin, fiú roimh an gcinneadh sin, mar éileamh gan íoc.

31 Ar an dara dul síos, cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl gur féidir idirdhealú a dhéanamh idir an cás os a comhair agus na cásanna as ar eascair na breithiúnais dá dtagraítear i míreanna 27 agus 28 den bhreithiúnas seo toisc gur thionscain D.E. caingean le haghaidh neamhniú an chomhaontaithe suibscríbhinne bannaí in-chomhshóite agus an chaingean le haghaidh dliteanais sular cuireadh clabhsúr le himeachtaí réitigh Banco Popular.

32 Sna himthosca sin, chinn an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'1. Maidir Maidir le hAirteagal 34(1)(a) agus (b), i ndáil le hAirteagal 53(1) agus (3), leis an gcéad fhomhír (b) agus (c) d'Airteagal 60(2) de Threoir 2014/59/AE, an bhfuil léiriú le déanamh amhail go bhféadfaí a mheas gur dliteanas, dá ndéantar difear leis an bhforáil um dhíluacháil nó um maitheamh in Airteagal 53(3) de Threoir 2014/59/AE, mar oibleagáid nó éileamh 'nár tháinig in aibíocht', amhail go n-urscaoilfí é agus nach mbeadh sé infhorfheidhmithe i gcoinne Banco Popular, atá san éileamh nó ceart a d'fhéadfadh a bheith ann de thoradh ar bhreithiúnas lena n-ordaítear don eintiteas ar tháinig i gcomharbas ar Banco Popular cúiteamh a íoc i ndiaidh caingean [le haghaidh dliteanais] as siocair táirge airgeadais a mhargú (fobhannaí a bhfuil scaireanna indéanta díobh go riachtanach san aon bhanc) nach bhfuil ar na hionstraimí caipitil sa bhreis dá dtagraítear leis na bearta réitigh de chuid Banco Popular, ar ionstraimí caipitil iad a rinneadh scaireanna díobh sular glacadh na bearta réitigh bainc (7 Meitheamh 2017), i gcás ina ndearnadh an t-iarratas is bun leis an mbreithiúnas lena n-ordaítear go n-íocfaí cúiteamh sular cuireadh clabhsúr le himeachtaí réitigh an bhainc?

2. Nó mar mhalairt air sin, an bhfuil léiriú le déanamh ar na forálacha sin amhail gurb ionann an t-éileamh nó ceart sin agus oibleagáid nó éileamh "[fabhraithe]" – Airteagal 53(3) de Threoir 2014/59 – nó "dliteanas atá fabhraithe cheana féin" – Airteagal 60(2)(b) – agus nach mbaineann éifeachtaí [a bhaineann le hurscaoileadh] nó maitheamh na n-oibleagáidí nó na n-éileamh sin leis mar sin agus, dá bhrí sin, go mbeadh sé in-fhorfheidhmithe i gcoinne Banco

Santander mar chomharba ar Banco Popular, i gcás ina ndearnadh an t-iarratas is bun leis an mbreithiúnas lena n-ordaítear go n-íocfaí cúiteamh sular cuireadh clabhsúr le himeachtaí réitigh an bhainc?'

Inghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú

33 Áitíonn Banco Santander go bhfuil an iarraidh ar réamhrialú do-ghlactha ar an bhforas gur tugadh isteach an iarraidh sin ag an Tribunal Supremo (Cúirt Uachtarach), gan an dlí náisiúnta a shoiléiriú ag an Tribunal Supremo (Cúirt Uachtarach) maidir le seasamh D.E. le caingean a thionscnamh. I gcás nach bhfuil seasamh ag D.E. caingean a thionscnamh ina ainm féin i gcoinne Banco Popular ní bheadh an léiriú a iarradh ar fhorálacha Threoir 2014/59 ábhartha maidir le réiteach na díospóide sna príomhimeachtaí.

34 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, de réir cásdlí socair, go bhfuil toimhde ábharthachta maidir le ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais. Ní féidir leis an gCúirt diúltú rialú a thabhairt ar cheist arna tarchur chun réamhrialú ag cúirt náisiúnta ach amháin má dhealraíonn sé go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú arna iarraidh ar dhlí an Aontais le fíorais iarbhír nó le cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, más fadhb hipitéiseach í, nó mura bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi (breithiúnas an 6 Márta 2025, *ONB agus páirtithe eile*, C-575/23, EU:C:2025:141, mír 51 agus an cásdlí dá dtagraítear).

35 Thairis sin, i gcomhréir le cásdlí socair, ní hionann an t-údar atá le tarchur chun réamhrialú agus tuairimí comhairleacha a sholáthar maidir le ceisteanna ginearálta nó hipitéiseacha, ach an gá atá le réiteach éifeachtach ar dhíospóid (breithiúnas an 6 Márta 2025, *ONB agus páirtithe eile*, C-575/23, EU:C:2025:141, mír 52 agus an cásdlí dá dtagraítear).

36 Sa chás seo, is leor a thabhairt faoi deara, de réir na faisnéise a chur Rialtas na Spáinne ar fáil, gur cheart don chúirt a rinne an tarchur an chaingean sna príomhimeachtaí a dhíbhe, gan gá scrúdú a dhéanamh ar sheasamh D.E. chun caingean a thionscnamh, ina ainm féin, i gcoinne Banco Popular, dá bhfreagródh an Chúirt na ceisteanna arna dtarchur go raibh na cearta a eascraíonn as caingean le haghaidh neamhniú an chonartha chun bannaí fo-ordaithe a éadáil arna gcomhshó ina scaireanna agus caingean le haghaidh dliteanais bunaithe ar mhainneachtain na ceanglais faisnéise a eascraíonn as Treoir 2004/39 a chomhlíonadh, a tugadh roimh réiteach na hinstitiúide creidmheasa lena mbaineann, nach oibleagáidí 'fabhraithe iad de réir bhrí Airteagal 53(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 60(2)(b) de Threoir 2014/59.

37 Dá thoradh sin, ní léir nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú ar fhorálacha de Threoir 2014/59 atá á lorg ag an gCúirt, le fíricí nó le cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, ná go bhfuil an fhadhb hipitéiseach.

38 Dá bhrí sin, tá an iarraidh ar réamhrialú inghlactha.

Na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

39 Lena ceisteanna, ar cheart iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá forálacha Airteagal 34(1)(a) agus (b), Airteagal 53(1) agus (3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 60(2)(b) de Threoir 2014/59 a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc ar na cearta a eascraíonn as caingean le haghaidh neamhniú maidir le conradh chun bannaí fo-ordaithe a

shuibscríobh arna gcomhshó ina scaireanna agus ó chaingean le haghaidh dliteanais, bunaithe ar mhainneachtain na ceanglais faisnéise a eascraíonn as Treoir 2004/39 a chomhlíonadh, meastar go dtagann siad faoi chatagóir na n-oibleagáidí nó na n-éileamh 'fabhraithe' tráth réiteach na hinstitiúide creidmheasa lena mbaineann, de réir bhrí Airteagal 53(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 60(2)(b) de Threoir 2014/59, i gcás inar tugadh na caingne sin roimh dhíluacháil iomlán na scaireanna i gcaipiteal na hinstitiúide creidmheasa sin i gcomhthéacs nós imeachta réitigh.

40 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú go mbunaítear le hAirteagal 34(1)(a) agus (b) de Threoir 2014/59 an prionsabal gurb iad na scairshealbhóirí, arna leanúint ag creidiúnaithe, de chuid institiúide creidmheasa nó gnólachta infheistíochta faoi réiteach, na caillteanais arna dtabhú mar thoradh ar chur i bhfeidhm an nós imeachta sin.

41 De réir Airteagal 53(3) den Treoir sin, i gcás ina laghdaíonn údarás réitigh an príomhshuim nó na suimeanna atá dlite i leith dliteanais go náid, measfar an dliteanas sin, mar aon le haon oibleagáid nó éileamh a eascraíonn as sin nach bhfuil fabhraithe tráth an réitigh, mar bheith urscaoilte chun na gcríoch uile agus ní fhéadfar iad a chur i bhfeidhm in aon imeacht ina dhiaidh sin a bhaineann leis an institiúid creidmheasa nó leis an ngnólacht infheistíochta atá faoi réir gníomhaíocht réitigh nó le haon eintiteas comharba, i gcomhthéacs leachtú ina dhiaidh sin.

42 Sonraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 60(2)(b) den Treoir sin, a bhaineann le hionstraimí caipitil a díluacháil nó a chomhshó, nach bhfanfaidh aon oibleagáid i leith shealbhóir na n-ionstraimí caipitil arna ndíluacháil faoin gcinneadh réitigh i leith na n-ionstraimí sin nó i ndáil lena méid, a díluacháladh, cé is moite dliteanas atá fabhraithe cheana agus dliteanas a d'fhéadfadh eascairt as caingean lena gcuirtear in aghaidh dhlíthiúlacht fheidhmiú na cumhachta díluachála.

43 Dá bhrí sin, i gcás díluacháil iomlán ar scaireanna i scairchaipiteal institiúide creidmheasa faoi réiteach ar bhonn Threoir 2014/59, ní fhéadfaidh scairshealbhóirí na hinstitiúide creidmheasa sin brath ar an institiúid sin nó ar a heintiteas comharba ach amháin na hoibleagáidí nó na héilimh a eascraíonn as na hionstraimí caipitil a bhfuil díluacháil déanta orthu a bhí 'fabhraithe' cheana féin tráth an réitigh, de réir bhrí Airteagal 53(3) agus Airteagal 60(2)(b) den Treoir sin.

44 A mhéid a bhaineann leis na cearta a eascraíonn as caingne i leith damáistí mar gheall ar fhaisnéis lochtach agus mícheart a sholáthraítear, *inter alia*, sa réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun trádáil a dhéanamh, dá bhforáiltear in Airteagal 6 de Threoir 2003/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun trádáil, agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO 2003 L 345, lch. 64), chomh maith le caingean le haghaidh neamhniú an chonartha suibscríbhinne le haghaidh scaireanna nó bannaí fo-ordaithe arna dtabhairt tar éis ghlacadh an chinnidh réitigh ar bhonn na bhforálacha dá dtagraítear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo, chinn an Chúirt cheana féin, i bhfianaise a n-éifeachtaí cúlghabhálacha, nach féidir a mheas go dtagann na cearta sin faoi chatagóir na n-oibleagáidí nó na n-éileamh 'fabhraithe' de réir bhrí na bhforálacha sin (féach, chuige sin, breithiúnais *Banco Santander (Réiteach Bainc Banco Popular)*, míreanna 41, 42 agus 51, agus *Banco Santander (Réiteach Bainc Banco Popular II)*, míreanna 62 agus 85).

45 Sa chás seo, áfach, tionscnaíodh na caingne le haghaidh neamhniú agus dliteanas atá i gceist sna príomhimeachtaí roimh réiteach Banco Popular. I ndáil leis sin, áitíonn an Coimisiún, go bunúsach, gur leor caingne den sórt sin a thionscnamh roimh réiteach chun na cearta a

eascraíonn astu a mheas mar chearta ‘fabhraithe’ tráth an réitigh, de réir bhrí Airteagal 53(3) agus an chéad fhomhír d’Airteagal 60(2)(b) de Threoir 2014/59. Ar an taobh eile, dar le Banco Santander agus le Rialtas na Spáinne, Rialtas na hIodáile agus Rialtas na Portaingéile, ní mór, thairis sin, na cearta a eascraíonn as na caingne sin a bheith ina n-ábhar do bhreithiúnas críochnaitheach roimh an am sin.

46 De réir an chásdlí shocair, leanann sé as an ngá atá le dlí an Aontais a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus as prionsabal an chomhionannais nach mór léiriú uathrialach agus aonfhoirmeach a thabhairt de ghnáth ar théarmaí forála de chuid dhlí an Aontais nach ndéantar aon tagairt shainráite do dhlí na mBallstát inti chun críche a bhrí agus a raon feidhme a chinneadh ar fud an Aontais Eorpaigh, rud nach mór foclaíocht na forála sin a chur san áireamh leis, ach a comhthéacs agus na cuspóirí a shaothraítear leis na rialacha ar cuid díobh í a chur san áireamh freisin (breithiúnais an 30 Aibreán 2024, *M.N. (EncroChat)*, C-670/22, EU:C:2024:372, mír 109 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus *Banco Santander (Réiteach Bainc Banco Popular II)*, mír 48).

47 Ar an gcéad dul síos, maidir le foclaíocht Airteagal 53(3) agus an chéad fhomhír d’Airteagal 60(2)(b) de Threoir 2014/59, ba cheart a thabhairt faoi deara nach dtugtar le fios le húsáid an choincheapa ‘dliteanas atá fabhraithe cheana’ nó leis an tagairt d’éilimh fabhraithe, ann féin, an gá gur tugadh caingne le haghaidh neamhniú agus dliteanais ach amháin tráth an réitigh nó, ina theannta sin, an raibh siad faoi réir breithiúnas críochnaitheach cheana féin.

48 É sin ráite, luaitear in Airteagal 53(3) den Treoir sin gur ‘in aon imeacht ina dhiaidh sin’ a mheastar go n-íoctar oibleagáidí nó éilimh a eascraíonn as dliteanas díluachála, nach bhfuil fabhraithe tráth an réitigh, chun na gcríoch uile agus nach féidir iad a chur i bhfeidhm i gcoinne na hinstitiúide creidmheasa faoi réiteach nó aon eintitis chomharba. Mar a chuireann an Coimisiún in iúl, mar is ceart, ina bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, is léiriú é an soiléiriú sin go bhfuil na hoibleagáidí nó na héilimh sin fós in-fhorfheidhmithe i gcoinne institiúid nó eintiteas den sórt sin, i gcás ina bhfuil siad ina n-ábhar d’imeachtaí breithiúnacha arna dtionscnamh roimh réiteach. Trí dhíriú ar imeachtaí ina dhiaidh sin, ní chuireann an fhoráil sin as an áireamh ar bhealach ar bith in-fhorfheidhmitheacht na n-oibleagáidí ná na n-éileamh sin i gcomhthéacs imeachtaí atá ar feitheamh tráth an réitigh.

49 Ar an dara dul síos, maidir le comhthéacs Airteagal 53(3) agus an chéad fhomhír d’Airteagal 60(2)(b) de Threoir 2014/59, ar an gcéad dul síos, is fíor, faoi Airteagal 34(1)(a) agus (b) den Treoir sin, nach mór do scairshealbhóirí, arna leanúint ag creidiúnaithe institiúide creidmheasa faoi réiteach, na caillteanais arna dtabhú mar thoradh ar chur i bhfeidhm an nós imeachta sin.

50 Mar sin féin, maolaítear prionsabal phríomhfhreagracht na scairshealbhóirí agus na gcreidiúnaithe as na caillteanais sin le forálacha Airteagal 53(3) agus phointe (b) den chéad fhomhír d’Airteagal 60(2) de Threoir 2014/59, ar gá gurb ionann *ratione personae* agus raon feidhme Airteagal 34(1)(a) agus (b) den Treoir sin. A mhéid a thagraíonn an chéad dá fhoráil go sainráite d’oibleagáidí agus d’éilimh a eascraíonn as ‘dliteanas’ a bhfuil díluacháil déanta nó atá ann cheana i leith shealbhóir na n-ionstraimí caipitil a bhfuil díluacháil déanta orthu, tá feidhm acu, *inter alia*, maidir le héilimh agus oibleagáidí daoine ar scairshealbhóirí nó creidiúnaithe institiúide creidmheasa faoi réiteach iad. A mhéid atá na hoibleagáidí nó na héilimh sin ‘fabhraithe’ tráth an réitigh, leanann sé ó Airteagal 53(3) agus ó phointe (b) den chéad fhomhír d’Airteagal 60(2) den Treoir sin go bhfuil siad fós in-fhorfheidhmithe i gcoinne na hinstitiúide creidmheasa faoi réiteach nó i gcoinne aon eintiteas comharba.

51 Dá bhrí sin, ní féidir a thuiscint ó Airteagal 34(1)(a) agus (b) de Threoir 2014/59 nach bhféadfaidh ach daoine a chaill stádas mar scairshealbhóir nó mar chreidiúnaí in institiúid den sórt sin, tar éis breithiúnas críochnaitheach lena ndeimhnítear neamhniú an chomhaontaithe suibscríbhinne maidir leis na hionstraimí caipitil atá i gceist, tairbh in-fhorfheidhmitheacht na n-oibleagáidí nó na n-éileamh 'fabhraithe', de réir bhrí Airteagal 53(3) agus phointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 60(2) den Treoir sin, tráth an réitigh.

52 Ar an dara dul síos, i gcás ina mbaineann cur i bhfeidhm na 'hionstraime fortharrthála' leis an nós imeachta réitigh, de réir bhrí Airteagal 2(1)(57) de Threoir 2014/59, foráiltear le hAirteagal 48(1) den Treoir sin, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí díluachála agus comhshó, go laghdóidh na húdaráis réitigh, ar an gcéad dul síos, catagóirí éagsúla na n-ionstraimí caipitil. Foráiltear le hAirteagal 53(1) den Treoir sin go mbeidh na bearta chun an scairchaipiteal a laghdú nó chun na hionstraimí sin a cheadaítear leis an tarrtháil inmheánach sin a chomhshó nó a chealú ina gceangal láithreach ar na scairshealbhóirí agus ar na creidiúnaithe dá ndéantar difear. Dá bhrí sin, is léir, i gcomhthéacs tarrthála, go rannchuidíonn díluacháil agus comhshó ionstraimí caipitil go díreach le cuspóirí an nós imeachta réitigh a bhaint amach (breithiúnas *Banco Santander (Réiteach Banco Popular II)*, mír 52).

53 Chuige sin, foráiltear leis an chéad fhomhír d'Airteagal 60(2)(b) agus (3)de Threoir 2014/59 nach n-íocfar aon chúiteamh le sealbhóirí na n-ionstraimí caipitil ábhartha, ach amháin i gcásanna ina ndéantar ionstraimí den sórt sin a chomhshó dá dtagraítear i mír 3, agus, sna cásanna sin, go mbeidh an cúiteamh i bhfoirm ionstraimí caipitil a eisiúint do na sealbhóirí sin. Trí chúiteamh a theorannú d'eisiúint ionstraimí caipitil den sórt sin, is féidir leis na forálacha sin cosc a chur ar an gcúiteamh sin laghdú cúlghabhálach a dhéanamh ar mhéid na gcistí dílse a úsáidtear chun críocha réitigh (breithiúnas *Banco Santander (Réiteach Bainc Banco Popular II)*, mír 54).

54 Dá bhrí sin, maidir le caingne le haghaidh neamhniú nó dliteanais a thugtar tar éis réitigh, chinn an Chúirt cheana féin go mbeadh an baol ann leis na caingne sin go laghdófaí go cúlghabhálach méid na n-ionstraimí caipitil atá faoi réir tarrtháil inmheánach i gcomhthéacs an nós imeachta réitigh, a mhéid a lorgaíonn siad cúiteamh nó aisíocaíocht i méid na gcistí a íocadh chun na hionstraimí caipitil sin a éadáil roimh réiteach. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh gníomhaíochtaí den sórt sin amhras a chaitheamh ar bhaint amach na gcuspóirí arna saothrú leis an ngníomhaíocht réitigh (breithiúnas *Banco Santander (Réiteach Bainc Banco Popular II*), mír 53).

55 I ndáil leis sin, is leor a thabhairt faoi deara gur chinn an Chúirt go gcuirtear de cheangal, leis an gcaingean le haghaidh dliteanais agus leis an gcaingean le haghaidh neamhniú araon, ar an institiúid creidmheasa nó ar an ngnólacht infheistíochta faoi réiteach, nó ar chomharba na n-eintiteas sin, na scairshealbhóirí a chúiteamh as caillteanais arna dtabhú mar thoradh ar fheidhmiú na cumhachta, arna dhéanamh ag údarás réitigh, chun díluacháil agus comhshó a dhéanamh i leith dhliteanais na hinstitiúide nó an ghnóthais sin, nó chun ceangal a chur uirthi na suimeanna a infheistíodh agus scaireanna á suibscríobh a ndearnadh díluacháil orthu mar thoradh ar an nós imeachta réitigh sin a aisíoc go hiomlán. I bhfianaise a n-éifeachta cúlghabhálaí, caitear amhras leis na gníomhaíochtaí sin ar an luacháil iomlán ar a bhfuil an cinneadh réitigh bunaithe, ós rud é gur cuid de shonraí oibiachtúla na luachála sin é comhdhéanamh an chaipitil agus, dá bhrí sin, go bhféadfaidís an bonn a bhaint ón nós imeachta réitigh féin agus na cuspóirí a shaothraítear le Treoir 2014/59 (féach, chuige sin, breithiúnas *Banco Santander (Réiteach Bainc Banco Popular II*), míreanna 59 agus 62).

56 Mar sin féin, murab ionann agus caingne le haghaidh neamhniú agus/nó dliteanas arna dtionscnamh tar éis réiteach, ní féidir a mheas go bhfuil éifeacht chúlghabhálach ag caingne den sórt sin i gcás ina dtionscnaítear roimh an réiteach iad, de réir bhrí an chásdlí a luaitear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo, agus ní féidir amhras a chaitheamh ar an luacháil dá dtagraítear in Airteagal 36(1) de Threoir 2014/59 agus an cinneadh réitigh bunaithe ar an luacháil sin. Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 73 dá Tuairim, ní mór na rioscaí airgeadais a eascraíonn as na díospóid atá ar feitheamh a chur san áireamh sna bainc atá liostaithe.

57 Maidir leis an bhfíoras go bhféadfaí, i gcás inarb iomchuí, gan na caingne uile arna dtionscnamh a chur san áireamh sa luacháil, thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, i mír 72 dá Tuairim, go bhfuil leibhéal éiginnteachta den sórt sin le feiceáil i gcomhthéacs aon 'fardal' agus gur féidir a mheas gur cuid den riosca ginearálta é atá le glacadh i gcomhthéacs réiteach faoi Threoir 2014/59, go háirithe ag an eintiteas a fhaigheann an institiúid creidmheasa faoi réiteach.

58 Foráiltear le hAirteagal 36(1) den Treoir sin do 'luacháil chothrom, stuama agus réalaíoch' ar shócmhainní agus ar dhliteanais institiúide creidmheasa den sórt sin, gan a cheangal go ndéanfaí luacháil iomlán agus mionsonra ar an tsócmhainn agus ar an dliteanas sin. Go háirithe, i gcás nach féidir liosta na ndliteanas is iníoctha ar an gclár comhardaithe agus lasmuigh de a tharraingt suas mar gheall ar phráinn an cháis, féadfaidh an t-údarás réitigh, i gcomhréir le hAirteagal 36(9), arna léamh i gcomhar le míreanna 2, 3 agus 6 de, é féin a theorannú do luacháil shealadach ina ndéanfar luacháil ar luach na sócmhainní agus na ndliteanas.

59 Sna himthosca sin, ní mór a mheas, i gcás inar tugadh caingne le haghaidh neamhniú agus/nó dliteanais roimh réiteach, nach féidir amhras a chaitheamh ar an luacháil dá bhforáiltear in Airteagal 36(1) de Threoir 2014/59 agus ar an gcinneadh réitigh atá bunaithe ar an luacháil sin.

60 Ar an tríú dul síos, maidir leis na cuspóirí a shaothraítear le Treoir 2014/59, is léir ó aithris 49 di nár cheart feidhm a bheith ag na hionstraimí réitigh ach amháin maidir le hinstitiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta a bhfuil ag cliseadh orthu nó ar dócha go gclisfidh orthu agus ach amháin más gá sin chun cuspóir na cobhsaíochta airgeadais a bhaint amach ar mhaithe le leas an phobail. Dá bhrí sin, ba cheart cur i bhfeidhm na n-ionstraimí sin a theorannú do chásanna fíorphráinne, i gcás nach féidir an institiúid creidmheasa nó an gnólacht infheistíochta lena mbaineann a fhoirceannadh faoi ghnáthimeachtaí dócmhainneachta gan an córas airgeadais a dhíchobhsú.

61 Ina theannta sin, mar a luaitear in aithris 45 den Treoir sin, tá sé i gceist leis an nós imeachta réitigh an baol morálta san earnáil airgeadais a laghdú trí thosaíocht a thabhairt do chaillteanais arna dtabhú mar thoradh ar leachtú institiúide creidmheasa nó gnólachta infheistíochta do scairshealbhóirí, chun cosc a chur ar an leachtú sin dochar a dhéanamh d'acmhainní Stáit agus cuir isteach ar chosaint taisceoirí (breithiúnas *Banco Santander (Réiteach Bainc Banco Popular II)*, mír 55 agus an cásdlí dá dtagraítear).

62 Dá bhrí sin, bunaítear le Treoir 2014/59, i gcomhthéacs eacnamaíoch eisceachtúil, úsáid nós imeachta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh go háirithe do chearta scairshealbhóirí agus creidiúnaithe institiúide creidmheasa nó gnólachta infheistíochta, chun cobhsaíocht airgeadais na mBallstát a chaomhnú, trí chóras dócmhainneachta a chruthú de mhaolú ar an ngnáthdhlí lena rialaítear imeachtaí dócmhainneachta, nach féidir a chur i bhfeidhm ach amháin in imthosca eisceachtúla agus nach mór údar a thabhairt leis ar mhaithe le leas poiblí sáraitheach. Ciallaíonn cineál maolaithe an chórais sin go bhféadfar cur i bhfeidhm forálacha eile de dhlí an Aontais a

chur ar leataobh i gcás ina bhféadfadh na forálacha sin cur chun feidhme an nós imeachta réitigh a fhágáil neamhéifeachtach nó bac a chur air (breithiúnas *Banco Santander (Réiteach Bainc Banco Popular II)*, mír 56 agus an cásdlí dá dtagraítear).

63 Ina theannta sin, luaitear in aithris 120 de Threoir 2014/59 nach mór na maoluithe dá bhforáiltear leis an Treoir sin ar na rialacha sainordaitheacha maidir le cosaint scairshealbhóirí agus creidiúnaithe institiúidí a thagann faoi raon feidhme threoracha dhlí cuideachtaí an Aontais, a d'fhéadfadh bac a chur ar ghníomhaíocht éifeachtach agus ar úsáid ionstraimí agus cumhachtaí réitigh ag na húdaráis inniúla, a bheith iomchuí, ach sainithe go soiléir agus go docht freisin, chun an deimhneacht dhlíthiúil is mó is féidir a áirithiú do na daoine lena mbaineann (breithiúnas *Banco Santander (Réiteach Bainc Banco Popular II)*, mír 57 agus an cásdlí dá dtagraítear).

64 Tá Treoir 2004/39, a raibh sé mar chuspóir aici infheisteoirí ionchasacha a chosaint tráth a dhéanann siad cinntí infheistíochta, ar cheann de 't[h]reoracha an Aontais maidir le dlí cuideachtaí' dá dtagraítear in aithris 120 de Threoir 2014/59. Dá réir sin, ceadaítear le Treoir 2014/59 maoluithe ar fhorálacha Threoir 2004/39, a mhéid a d'fhéadfadh a gcur i bhfeidhm a bheith neamhéifeachtach nó bac a chur ar chur chun feidhme nós imeachta réitigh (féach, de réir analaí, breithiúnas *Banco Santander (Réiteach Bainc Banco Popular II)*, mír 58 agus an cásdlí dá dtagraítear).

65 I bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach i míreanna 56 go 59 den bhreithiúnas seo, ní féidir le caingean le haghaidh neamhniú agus caingean le haghaidh dliteanais mar gheall ar mhainneachtain na ceanglais faisnéise a leagtar síos i dTreoir 2004/39 a chomhlíonadh a fhágáil neamhéifeachtach nó bac a chur ar chur chun feidhme nós imeachta réitigh, i gcás inar tionscnaíodh na caingne sin roimh réiteach.

66 Thairis sin, ní mór forálacha Threoir 2014/59 a léiriú i bhfianaise na gceart bunúsach a ráthaítear leis an gCairt agus, go háirithe, an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil a chumhdaítear in Airteagal 47 di.

67 I ndáil leis sin, tugann an Chúirt dá haire, de réir cásdlí socair, nach ceart iomlán é an ceart chun cosaint bhreithiúnach a chumhdaítear in Airteagal 47 den Chairt agus go bhféadfadh feidhmiú an chirt sin a bheith faoi réir srianta a bhfuil údar leo de bharr cuspóirí leasa ghinearálta arna saothrú ag an Aontas. Dá bhrí sin, mar is léir ó Airteagal 52(1) den Chairt, féadfar srianta a fhorchur ar an gceart bunúsach sin, ar choinníoll go bhfreagraíonn na srianta sin do chuspóirí leasa ghinearálta agus nach ionann iad, i ndáil leis an aidhm atá á saothrú, agus cur isteach díréireach agus do-ghlactha, lena ndéantar dochar do shubstaint an chirt a ráthaítear (breithiúnas *Banco Santander (Réiteach Bainc Banco Popular II)*, mír 80 agus an cásdlí dá dtagraítear).

68 Thairis sin, chinn an Chúirt cheana féin, cé go bhfuil leas soiléir ag an bpobal cosaint láidir chomhsheasmhach infheisteoirí a áirithiú ar fud an Aontais Eorpaigh, nach féidir a mheas go bhfuil an leas sin i réim i ngach cás ar mhaithe le leas an phobail chun cobhsaíocht an chórais airgeadais a áirithiú (breithiúnas *Banco Santander (Réiteach Bainc Banco Popular II)*, mír 81 agus an cásdlí dá dtagraítear).

69 Maidir le caingne le haghaidh neamhniú agus caingne le haghaidh dliteanais arna dtionscnamh, tar éis an cinneadh réitigh a ghlacadh, chun aisíocaíocht a fháil ar na suimeanna a íocadh tráth a fuarthas na hionstraimí caipitil atá i gceist, is léir, go bunúsach, ón gcásdlí a eascraíonn as na breithiúnais *Banco Santander (Réiteach Bainc Banco Popular)* (míreanna 48 go 50) agus *Banco*

Santander (Réiteach Bainc Banco Popular II) (míreanna 82 go 84) nach gcuirtear cosc le hAirteagal 47 den Chairt, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 52(1) di, ar léiriú ar dá réir a chuireann forálacha Threoir 2014/59 cosc ar scairshealbhóirí institiúide creidmheasa faoi réiteach caingne den sórt sin a thionscnamh tar éis réiteach.

70 Go bhfuil difear substaintiúil idir staid na ndaoine a thionscain caingne den sórt sin roimh réiteach agus staid na ndaoine dá dtagraítear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo.

71 Ar an gcéad dul síos, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i mír 86 dá Tuairim, bheadh sé mar thoradh ar an léiriú nach ionann na cearta a eascraíonn as caingne le haghaidh neamhniú agus/nó dliteanas roimh réiteach agus oibleagáidí nó éilimh 'dhlite', de réir bhrí Airteagal 53(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 60(2)(b) de Threoir 2014/59, atá infhorfheidhmithe i gcoinne na hinstitiúide creidmheasa faoi réiteach agus an eintitis comharba, go bhfágfadh an cinneadh réitigh na himeachtaí breithiúnacha atá ar feitheamh gan chuspóir agus, dá bhrí sin, tá sé beartaithe na himeachtaí sin a dhúnadh.

72 Ní laghdaítear tromchúis an chur isteach a eascraíonn as léiriú sin ar an gceart a ráthaítear le hAirteagal 47 den Chairt, de bharr na féidearthachta caingean a thionscnamh i gcoinne an chinnidh réitigh. De réir an léirithe sin, d'athródh an cinneadh réitigh, le héifeacht chúlghabhálach, an creat dlíthiúil ábhartha chun díospóid a réiteach a tugadh cheana sular glacadh an cinneadh sin, nó fiú a d'athródh go díreach an staid dhlíthiúil is bun leis an díospóid. Dá bhrí sin, ní bheadh aon éifeacht ag an bhféidearthacht achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh réitigh ar na héifeachtaí a bheadh ag an gcinneadh sin, sa chás sin, ón am a nglactar é, ar na díospóidí atá ar feitheamh cheana féin (féach, de réir analaí, breithiúnas an 29 Aibreán 2021, *Banco de Portugal agus páirtithe eile*, C-504/19, EU:C:2021:335, míreanna 63, 65 agus 66).

73 Ina dhiaidh sin, leis an léiriú nach mór na cearta a eascraíonn as caingne le haghaidh neamhniú agus/nó dliteanais a bheith ina n-ábhar do bhreithiúnas críochnaitheach roimh réiteach d'fhonn bheith in-fhorfheidhmithe i gcoinne na hinstitiúide creidmheasa faoi réiteach nó a heintitis comharba, bheadh in-fhorfheidhmitheacht na gceart sin, faoi Airteagal 53(3) agus pointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 60(2) de Threoir 2014/59, ag brath ar imthosca atá go bunúsach lasmuigh de thionchar an duine a thionscain na caingne sin. Braitheann fad na n-imeachtaí breithiúnacha, go háirithe, ar ualach oibre na cúirte ar tugadh na himeachtaí os a comhair agus ar iompar nós imeachta an pháirtí fhreasúraigh.

74 Ina theannta sin, trí chaingne den sórt sin a thabhairt os comhair na gcúirteanna náisiúnta, léirigh an duine sin, i bprionsabal, an dúthracht is gá chun na héilimh a eascraíonn as na caingne sin roimh réiteach a íoc, murab ionann agus daoine a thionscain caingne den sórt sin tar éis réiteach. Dá bhrí sin, agus i bhfianaise an *adage iura vigilantibus non dormientibus prosunt*, ní féidir le toradh na gcaingne a tionscnaíodh roimh réiteach a bheith ag brath ar cé acu a bhí nó nach raibh siad ina n-ábhar do bhreithiúnas críochnaitheach tráth an réitigh.

75 Ar deireadh, is léir ó na breithnithe a leagtar amach i míreanna 56 go 59 den bhreithiúnas seo nach mór na cearta a eascraíonn as caingne le haghaidh neamhniú agus/nó dliteanas roimh réiteach atá éagsúil ó na cearta a eascraíonn as caingne a tionscnaíodh i ndiaidh réiteach, a thabhairt faoi deara i gcomhthéacs luacháil dá dtagraítear in Airteagal 36(1) de Threoir 2014/59 agus mar sin nach féidir amhras a chaitheamh ar an luacháil sin agus an réiteach bunaithe ar an luacháil sin. Níl

léiriú ar Airteagal 53(3) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 60(2)(b) den Treoir sin a ligean do scairshealbhóir agus creidiúnaithe caingne le haghaidh neamhniú agus/nó dliteanas atá ar feitheamh tráth an réitigh chun cobhsaíocht airgeadais an Aontais a chur i mbaol.

76 Thairis sin, ní dhéanann léiriú den sórt sin difear díréireach do chearta ceannaitheoirí ionchasacha institiúide creidmheasa faoi réiteach agus an eintitis comharba tar éis réiteach. I bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach i míreanna 56 go 59 den bhreithiúnas seo, is dócha go mbeidh siad ar an eolas faoi dhliteanais na hinstitiúide sin arb éard atá iontu na cearta a eascraíonn as caingne le haghaidh neamhniú agus/nó dliteanas roimh réiteach, sula ndéanann siad a dtairiscint d'fhonn an institiúid sin a fháil.

77 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar na ceisteanna a tharchuirtear ná nach mór forálacha Airteagal 34(1)(a) agus (b), Airteagal 53(1) agus (3) agus pointí (b) agus (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 60(2) de Threoir 2014/59 a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leo ar chearta a eascraíonn as caingean le haghaidh neamhniú an chonartha chun bannaí fo-ordaithe a shuibscríobh arna dtiontú ina scaireanna ná as caingean le haghaidh dliteanais, bunaithe ar mhainneachtain na ceanglais faisnéise a eascraíonn as Treoir 2004/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreáin 2004 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 85/611/CEE agus Treoir 93/6/CEE ón gComhairle agus Treoir 2000/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n aisghairtear Treoir 93/22/CEE ón gComhairle a chomhlíonadh go meastar go dtagann siad faoi chatagóir na n oibleagáidí nó na n éileamh 'fabhraithe' tráth réitigh na hinstitiúide creidmheasa lena mbaineann, de réir bhrí Airteagal 53(3) agus phointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 60(2) de Threoir 2014/59, i gcás inar tugadh na scaireanna sin roimh dhíluacháil iomlán scaireanna san institiúid creidmheasa sin i gcomhthéacs nós imeachta réitigh.

Costais

78 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Chéad Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 34(1)(a) agus (b), Airteagal 53(1) agus (3), agus míreanna (b) agus (c) den chéad fhomhír d'Airteagal 60(2) de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

Ní chuirtear cosc leo ar chearta a eascraíonn as caingean le haghaidh neamhniú an chonartha chun bannaí fo-ordaithe a shuibscríobh arna dtiontú ina scaireanna ná as caingean le haghaidh dliteanais, bunaithe ar mhainneachtain na ceanglais faisnéise a

eascraíonn as Treoir 2004/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 85/611/CEE agus Treoir 93/6/CEE ón gComhairle agus Treoir 2000/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 93/22/CEE ón gComhairle a chomhlíonadh go meastar go dtagann siad faoi chatagóir na n-oibleagáidí nó na n-éileamh 'fabhraithe' tráth réitigh na hinstitiúide creidmheasa lena mbaineann, de réir bhrí Airteagal 53(3) agus phointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 60(2) de Threoir 2014/59, i gcás inar tugadh na scaireanna sin roimh dhíluacháil iomlán scaireanna san institiúid creidmheasa sin i gcomhthéacs nós imeachta réitigh.

Sínithe